
# Modúl a Trí

Ranganna a Trí agus a Ceathair



Tree Council of Ireland

# Modúl a Trí

## Ranganna a Trí agus a Ceathair

Clár


| | |
|---|---|
| **Cén rud é crann** | **Bileog Oibre 1** |
| **Conas mar a mhaireann crann** | **Bileog Oibre 2-4** |
| **Cineálacha crann** | **Bileog Oibre 5-6** |
| **Síolta** | **Bileog Oibre 7** |
| **Turas Dúlra** | **Bileog Oibre 8** |
| **Conas síol a chur** | **Bileog Oibre 11-12** |
| **Crainn agus an Fiadhúlra** | **Bileog Oibre 13-16** |
| **Biashlabhraí** | **Bileog Oibre 17** |
| **Feidhmeanna crann** | **Bileog Oibre 18-20** |
| **Bain triail as do chuid eolais** | **Bileog Oibre 21-22** |
| **Na crainn thart orainn** | **Bileog Oibre 23** |

# Cad is crann ann?


Is éard is crann ann ná planda ard adhmadach ar féidir leis maireachtáil ar feadh na mblianta fada.



## Cén fáth go bhfuil crainn chomh hard san?

Bíonn crainn ard ar dhá chúis.

- Fásann crainn níos airde agus níos leithne gach bliain. Faigheann plandaí cosúil le lus an chromchinn agus féar bás gach bliain le nach bhfásfaidh siad go hard ar nós an chrainn.
- Tá stoc láidir adhmadach ag an gcrann atá in ann na craobha a choiméad in airde.




Caithtear bláth ard ar nós lus na gréine a cheangail in airde agus taca a chur faoi ionas nach féidir leis an ngaoth é a leagan. Is é an chúis atá leis seo ná nach bhfuil gas adhmadach ag lus na gréine.


## Cén aois atá ag crann?

Cén aois atá ag crann? Is féidir leat aois an chrainn a fháil amach trína fháinní a chomhaireamh. Bíonn fáinne amháin ann do gach bliain.


**Ceist** Cén aois atá ag crann uimhir 1?

**Ceist** Cén aois atá ag crann uimhir 2?





1 ☐




2 ☐




Tree Council of Ireland

# Mar a Mhaireann Crann


Déanann **duilleoga** an chrainn **bia**.  Úsáideann siad **solas na gréine** chuige seo.
Déantar bia i rith an lae amháin.
Téann an bia **síos** an crann tríd an gcoirt go dtí na fréamhacha.







Ar nós na bplandaí uile, teastaíonn **uisce** ó chrainn chun maireachtála.  Tógtar uisce ón ithir trí na **fréamhacha**.  Teann sé **suas** an crann go dtí na duilleoga trí adhmad an stoic.

# Solas agus Uisce



Taispeánann an turgnamh seo go dteastaíonn uisce agus solas ó phlandaí.




## Seo iad na rudaí a theastaíonn uait.


Ceithre phlanda shláintiúla, Busy Lizzies nó prátaí mar shampla.

Mála plaisteach dubh.

Cuir lipéid ar na plandaí 1,2,3 aagus 4.

## Seo é atá le déanamh agat

- Fág Planda 1 ar leac na fuinneoige áit a mbeidh solas á fháil aige.  Tabhair uisce dó aon uair a bheidh sé ag teastáil uaidh.
- Cuir Planda 2 ar leac na fuinneoige taobh le Planda 2. Ná tabhair uisce dó in aon chor.





- Tabhair a dhóthain uisce do Phlanda 3.  Ansin cuir isteach sa mhála plaisteach dubh é. Cuir séala daingean ar an mála.
- Fág Plandaí 1,2 agus 3 ar feadh trí seachtaine.
- Bain úsáid as Planda 4 chun a thaispeáint go dtéann uisce suas an planda ó na fréamhacha go dtí na duilleoga.
- Gearr an barr de phlanda 4.  Cuir an pota ina luí ar a thaobh thar nuachtán




Cad a tharlaíonn don phíosa atá gearrtha den phlanda?


______________________________________




An bhfuil fliuchán ag teacht amach as?

____________________

# Solas agus Uisce




Tar éis trí seachtaine, féach ar Phlandaí 1,2 agus 3.

Cuir tic ar an gcairt chun staid gach planda a thaispeáint.

| | Sláintiúil | Buí | Ag Fáil Bháis | Marbh |
|---|---|---|---|---|
| Planda 1 | | | | |
| Planda 2 | | | | |
| Planda 3 | | | | |

## An féidir leat a mhíniú...




Cad a tharla do Phlanda 1?

________________________________________


Cen fáth? ________________________________________




Cad a tharla do Phlanda 2?

________________________________________

Cén fáth? ________________________________________




Cad a tharla do Phlanda 3?


________________________________________

Cén fáth? ________________________________________



Tree Council of Ireland

# Cineálacha Crann



Cailleann roinnt crann a nduilleoga gach fómhar.

Tagann athrú datha ar na duilleoga sula dtiteann siad den chrann.

Tugtar crann **duillsilteach** ar chrann a chailleann a chuid duilleoga gach fómhar.


Bíonn sé easca crainn dhuillsilteacha a aithint i Meán Fómhaair agus i nDeireadh Fómhair.

Bíonn duilleoga glasa i rith na bliana ar fad ag roinnt crann cosúil leis an crann cuilinn agus an iúr.

Tugtar crainn **shíorghlasa** orthu.




*Cuileann*



*An Dair*

Bíonn duilleoga beaga ar dhéanamh na snáthaide agus buaircíní ag roinnt crann síorghlas.

Tugtar **buaircínigh** orthu.



*Giuis*



Tree Council of Ireland

# Cineálacha Crann

## Le déanamh

Roghnaigh crann **duillsilteach** i gclós na scoile nó cóngarach don scoil.



*Fuinseog*



*Dair*



*Beith*


Cad is ainm don chrann seo? ________________________

San fhómhar is féidir leat na **duilleoga** gus na **torthaí** a thabhairt faoi deara.

Sa gheimhreadh is féidir leat an **choirt**, na **craobhóga** agus na **bachlóga** a thabhairt faoi deara.


San earrach agus i dtús an tsamhraidh is féidir leat **duilleoga nua** agus **bláthanna** a thabhairt faoi deara.

Is féidir leo seo bheith i bhfoirm **caitíní**, ag braith ar an gcineál crainn atá ann.



Seo duilleog ó chrann **síorghlas**.

Cén crann a mbaineann sé leis?




## Buircínigh

Tá siad seo an-choitianta i dtíortha fuara áit a mbíonn an-chuid sneachta sa gheimhreadh.

Tá an cruth seo ar na crainn chun nach mbriseann titim throm sneachta na craobha.

Ainmnigh tir i dtuaisceart na hEorpa le haeráid fhuar áit a bhfásann na crainn seo.

__________________________________




*Giúis*



Tree Council of Ireland

# Síolta

## Mar a fhásann crainn nua



*Síol Seiceamair*


Fásann crainn ó shíolta.  Teastaíonn solas aagus spás uatha chun go bhfásfaidh siad, mar sin caitheann siad éalú ón gcrann bunaidh.




*Síol fuinseoga*

Tarlaíonn sé seo ar dhá bhealach sa timpeallacht nadúrtha.

- Séideann **an ghaoth** na síolta ar shiúl ón gcrann bunaidh.  Bíonn sciatháin ag na síolta seo chun cabhrú leo ag eitlit.
- Tógann **ainmhithe agus éin** na síolta ar shiúl ón gcrann bunaidh.  Bailíonn siad na síolta chun iad a ithe ach uaireanta ní itheann siad iad ar fad.  Is féidir go bhfásann na cinn atá fágtha suas mar chrainn nua.



*Síolta Péine*



*Bailíonn ioraí cnónna coill.*




*Bailíonn scréachóga coille dearcáin.*




*Bailíonn lucha cnónna agus castáin.*


Caithtear roinnt síolta a ithe sula bhfásfaidh siad.  Is iad seo na síólta an-chrua ag lár
toraidh shúmhair cosúil le caora troim, sméara dubha agus sceachóirí.




*Caora Troim*




*Sméara dubh*



*Sceachóiri*





Ní dhíleátar na síolta crua seo nuair a itheann an t-éan an toradh.  Fásann an síol ón mbualtrach éin.



Tree Council of Ireland

# Turas dúlra

Téigh amach i Meán Fómhair nó go luath i nDeireadh Fómhair chun féachaint ar na crainn agus chun a gcuid síolta a bhailiú.

Roghnaigh crann chun staidéar a dhéanamh air.  Feach ar an gcrann.

**Ceist** An crann duillsilteach nó síorghlas é? ______________________________

**Ceist** Cá bhfios duit?

______________________________________________________________

**Ceist** Ainmnigh an crann ____________________________________________

**Ceist** Cen dath atá ar na duilleoga? ____________________________________


**Ceist** An bhfuil na duilleoga..

Leathan? ☐

Caol? ☐

Seas amach ón gcrann.

Dean líníocht den chrann sa spás seo.





Tree Council of Ireland

# Turas Dúlra

**Ceist** An bhfuil cruth maith ar an gcrann seo i gcóir cóta trom sneachta? ______

Cén fáth?

**Ceist** An bhfuil síolta ag an gcrann?

Tá ☐ Ní ☐

Dean cur síos ar na síolta (dath, cruth, méid, crua/bog).

Dath ______________________


Cruth ______________________

Méid ______________________

An bhfuil siad... crua? ☐ bog? ☐

**Ceist** Conas, an gceapann tú, a scaiptear na síolta ón gcrann?

Leis an ngaoth. ☐ Leis an bhfiabheatha ☐




Tóg roinnt síolta ar ais go dtí an rang ina dhiadh seo agus déan iad a chur.




Tree Council of Ireland

# Ag Fás Crann

## Fásann crainn ó shíolta.





Cruthaítear síolta san fhómhar,





Fásann síolta as **bláthanna.**

Ní fhásann síolta díreach tar éis dóibh píosa talún glan a shroichint ar shiúl ón gcrann bunaidh.





Dá ndéanfaidís, mharódh an aimsir fhuar an crann beag nua.

Ina áit seo, tosaíonn síolta ag fás san earrach.




Tugtar **péacadh** ar seo.




Tosaíonn na síolta ón dair, an fheá, an crann cnó capaill, an seiceamar agus an crann cuilinn ag fás san earrach tar éis a gcruthaithe.

Teastaíonn dhá gheimhreadh sa talamh sula dtosóidh siad ag fás. Tá síolta mar seo ag an gcrann cuilinn agus an fhuinseog.

## Ag cur síl


**Ceist** Cad is ainm don síol a bheidh á chur agat?____________________

**Ceist** An síol é a bheirtear ar shiúl i gcóir bia nó an mbeireann an ghaoth léi é?

Bia ☐ Beirtear leis an ngaoth ☐

**Ceist** An bpéacfaidh (an dtosóidh sé ag fás) sé sa **chéad** earrach nó sa **dara** earrach tar éis a chruthaithe ag an gcrann bunaidh?

An Chéad Earrach ☐ An Dara Earrach ☐






Tree Council of Ireland

# Ag cur síl


Péacfaidh roinnt síolta an **chéad** earrach tar éis gur cruthaíodh iad.



## Na rudaí a bheidh ag teastáil uait

**Síolta** (dair, crann cnó capailll, feá, seiceamar, crann cuilinn)

**Próca planda** nó cartán glan bainne




**Gaineamh gairneoireach**

**Múirín potaithe** (gaon mhoin ann más féidir chun ár bportaigh a shabháil)

**Plaisteach glan** chun a próca a chlúdach


**Lipéad**




## Seo é atá le déanamh agat

- Nigh an soitheach bainne go maith agus oscail amach é go hiomlán
- Déan cúig nó sé pholl ina bhun le peann luaidhe.  Is le haghaidh draenála atá na poill seo ann.



- Cuir trí cheintiméadar den ghaineamh gairneorach isteach sa soitheach.
- Líon go barr é le múirín potaithe
- Déan é a mheascaadh go maith
- Cuir síol sa mhúirín potaithe go dtí a dhoimhneacht féin.
- Cuir roinnt bheag uisce ar an múirín.
- Cuir lipéad ar an soitheach le d'ainm, ainm an tsíl agus an dáta

Fág an soitheach ar leac fuinneoige atá fuar agus a bhfuil a haghaidh ó thuaidh sa seomra ranga nó fág lasmuigh in áit fhothainiúil é.

Clúdaigh é le plaisteach glan má fhágann tú lasmuigh é.  Coiméadfaidh sé seo an múirín tais agus stopfaidh sé lucha ó do phlanda a ithe.



Tabhair do shoitheach isteach sa seomra ranga san earrach nuair a thosóidh an síol ag fás.  Fág ar leac na fuinneoige é áit a mbeidh solas á fháil aige.




Tree Council of Ireland

# Ag cur síl

Roinnt síolta nach bpéacfaidh go dtí an dara earrach tar éis gur cruthaíodh iad.

## Na rudaí a bheidh ag teastáil uait




**Síolta** (crann cuilinn, fuinseog, caorthann).  Is dea-smaoineamh é dornán síólta a bheith agat.

**Próca bláthanna** nó cartán glan bainne

**Gaineamh gairneoireach**

**Plaisteach glan** chun proca a chludach.


**Lipéad**




## Seo é atá le déanamh agat

- ⁕ Measc na síolta le ceithre huaire a méid féin de ghaineamh gairneoireach
- ⁕ Cuir an meascán i bpróca bláthanna nó cartán
- ⁕ Clúdaigh an próca le plaisteach glan







- ⁕ Cuir lipéad ar an bpróca le d’ainm, ainm an tsíl agus an dáta
- ⁕ Fág lasmuigh é in áit a mbeidh sioc á fháil acu

**(Ní phéacfaidh na síolta mura mbíonn sioc á fháil acu)**

- ⁕ I mí na Márta, nó nuair nach mbeidh an talamh róchrua, cuir an próca ar fad faoi thalamh ionas nach dtriomóidh sé
- ⁕ Cuir marc ar an talamh san áit ina bhfuil sé curtha agat
- ⁕ Bain as an talamh é san earrach ina dhiaidh sin agus beidh na síolphlandaí réidh chun iad a chur








Tree Council of Ireland


# Crainn agus Fiabheatha

Úsáideann éin, ainmhithe agus feithidí crainn ar thrí chúis.




- ☞ Is féidir leo a gcuid **bia** a fháil ann
- ☞ Is féidir leo a **mbailte** a bheith acu ann
- ☞ Is féidir leo a **scíth a ligean agus codladh** ann

Úsáidtear na codanna ar fad den chrann sna bealaí seo



## Bia



Is bia iad duilleoga, torthaí agus síolta crainn do bhoilb, cuilleoga glasa, ioraí, lonta dubha agus lucha.

Itheann **Boilb** ___ ___ ___ ___ ___ ___ glasa

Itheann **Iora** í___ ___ ___ ___ ___ ___


Itheann **Cuilleoga glasa** ___ ___ ___ ___ ___ ___

Itheann **Lucha** ___ ___ ___ ___ ___ ___ a fhaigheann siad faoin gcrann

Is bia iad ___ ___ ___ ___ ___ ___ rua do na lonta dubha.



Tugtar **Féaritigh** ar na hainmhithe a itheann codanna den chrann



### Banc Focal


Caora coill duilleoga
dearcáin caora
súanna duilleog




Tree Council of Ireland

# Crainn agus Fiabheatha

Tagann roinnt éan, ainmhithe agus fiabheatha eile chuig crainn chun na féaritigh a ithe.
Tugtar **Carnabhóirí** ar ainmhithe a itheann ainmhithe eile.



*Itheann cait crainn ioraí.*



*Itheann spideoga boilb.*

**Dean liosta** de na carnabhóirí ar féidir leat a fheiceáil anseo.


1 ______________________________


2 ______________________________

3 ______________________________


4 ______________________________

5 ______________________________






Tugtar **Carnabhóirí** ar ainmhithe a itheann ainmhithe eile.



*Itheann ulchabháin lucha*



*Itheann damháin alla cuilleoga glasa*



*Itheann spioróga lonta dubha*




Tree Council of Ireland

# Crainn agus Fiabheatha


## Bailte







Déanann éin cosúil le spideoga, smólaigh, meaigeanna a gcuid neadacha i gcrainn

Maireann meantáin ghorma, bumbóga agus sciatháin leathair i stoc an chrainn.






Maireann seilidí agus damháin alla i scoilteanna sa choirt.







Déanann lucha agus ciaróga uachais faoi na fréamhacha.



Tree Council of Ireland

# Crainn agus Fiabheatha


## Ag ligean a scíth agus ina gcodladh.

Tagann rúcaigh agus druideanna le chéile ina sluaite ar chraobha na gcrann chun iad féin a choimeád te sa gheimhreadh.






Codlaíonn colúir i gcrainn i rith na hoíche agus téann siad go dtí na páirceanna i rith an lae le haghaidh bia.




Ligeann seilmidí a scíth faoi choirt an chrainn i rith an lae. Itheann siad plandaí agus féar ar an talamh san oíche.






Tree Council of Ireland

# Biashlabhraí



Líon isteach na naisc sna biashlabhraí seo a leanas.
Ansin déan do bhiashlabhra féin.
Cuimhnigh go bhfuil daoine páirteach i mbiashlabhraí chomh maith.






Bolb

Duilleog darach

Ulchabhán

Dearcán






Lon dubh

Sméar dubh




Tree Council of Ireland

# Crainn agus daoine



## Adhmad

Úsáidtear adhmad ó chrainn chun troscán a dhéanamh.



Liostaigh ceithre rud atá déanta as adhmad.


1 ______________________

2 ______________________

3 ______________________

4 ______________________

Déan pictiúr de cheann amháin de na rudaí seo sa spás.



Liostaigh ceithre rud i do theach atá déanta as adhmad.

1 ______________________

2 ______________________


3 ______________________

4 ______________________

Déan pictiúr de cheann amháin de na rudaí seo sa spás seo.



Tree Council of Ireland




## Páipear, Cairtchlár, Rubar


Is féidir páipéar agus cairtchlár a dhéanamh d'adhmad.

Ainmnigh dhá rud atá déanta as páipéar.

1 ______________________________

2 ______________________________






Ainmnigh dhá rud atá déanta as cairtchlár.

1 ______________________________


2 ______________________________

Déantar rubar as **súlach** an chrainn rubair a fhásann sna tíortha teochreasacha. Nuair a chruann sé seo, éiríonn sé uiscedhíonach.

Ainmnigh dhá rud atá déanta as rubar.

1 ______________________________

2 ______________________________



Déantar **tuirpintín** agus **síoróip mhailpe** as súlach an chrainn rubair.



Tree Council of Ireland

# Crainn agus daoine


## An bhfuil a fhios agat...

Nó an féidir leat a fháil amach?

**Ceist** Cad a tharlaíonn nuair a fhliuchtar páipéar?

______________________________________


______________________________________



**Ceist** Cad a tharlaíonn nuair a chaithtear liathróid rubair ar an talamh?

______________________________________

______________________________________



**Ceist** Cad a tharlaíonn d’adhmad nuair a fhágtar lasmuigh sa bháisteach é ar feadh tamaill fhada?

______________________________________


______________________________________



**Ceist** Cén fáth go bpéinteáilimid fuinneoga adhmaid?

______________________________________

______________________________________







Tree Council of Ireland


# Tóir Focal

Faigh deich **gcarnabhóir** sa tóir focal seo








| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| b | l | r | o | b | i | n | d | k | h |
| a | a | k | f | o | x | x | e | e | e |
| t | b | d | f | w | a | o | k | s | d |
| s | n | a | g | e | r | w | x | t | g |
| n | a | i | s | e | a | l | s | r | e |
| a | b | a | d | g | e | m | v | e | h |
| i | g | i | h | o | s | h | o | l | o |
| l | p | n | p | y | n | e | a | o | g |
| s | p | i | g | e | r | a | t | i | t |
| b | l | u | e | t | i | t | s | m | p |
















Tree Council of Ireland


# Crosfhocal

## Test your knowledge!















## Across

1 A member of the snail family without a shell.
2 These are found on conifer trees.
5 Conkers are the seeds of this tree.
7 This changes colour and falls in autumn.
9 This bird eats spiders and has a red breast.
11 This bird is a carnivore.



## Down

1 The seeds of this tree are known as helicopters.
2 This tree is shaped to withstand being covered with snow.
3 Squirrels eat many of these.
4 The fruit of the blackthorn is called a _ _ _ _ .
6 All new trees grow from these.
8 They sting and they live together in colonies in the ground.
10 An acorn grows into this.





Tree Council of Ireland

# Na Crainn Thart Orainn
# Suirbhé Ar Chrainn




Tá an suirbhé seo ann chun a fháil amach cad iad na crainn atá ás fás thart ar scoil agus iad a mharcáil ar léarscáil.

Ar dtús beidh léarscáil den cheantar a dhéanfar staidéar air ag teastáil ón rang. Beidh compás agus téip riachtanach.

Tarraingítear léarscáileanna agus an tuaisceart dírithe ar bharr an leathanaigh i dtreo is go mbeidh an treoshuíomh ceart ag an bhfoireann léarscáilíochta. Is í an tslí is fusa chun léarscáil a tharraingt de chlós na scoile ná é a thomhas ina choiscéimeanna, mar sin ní mór fad na coiscéime a thomhas le téip. Ansin ag tosú leis an gcúinne thiar-theas ba chóir fad na teorann ag an iarthar a thomhas. Beidh an fhad seo mar an taobh clé den leathanach. Ba chóir na teorainneacha ag an tuaisceart, oirthear agus deisceart a thomhas ina choiscéimeanna ar an gcaoi chéanna. Is féidir go mbeidh gá le treoshuíomh an leathanaigh léarscáilíochta a cheartú muna bhfuil na teorainneacha ag teacht leis na treoracha seo.

Nuair atá léaráid déanta d'fhearann na scoile, is féidir na foirgnimh scoile a mharcáil ar an léarscáil. Cuir isteach ionaid shúgartha agus páirceanna peile chomh maith, agus áiteanna ina bhfuil bláthcheapaigh agus spás do pháirceáil carranna. Tá sé in am ansin siúl timpeall agus suíomh gach crainn agus fál teorann a mharcáil ar an léarscáil. Ba chóir crainn a mharcáil le ciorcail agus le huimhreacha. Is féidir an obair a bhaineann le gach crann a aithint a dhéanamh níos déanaí agus í a chur leis an léarscáil mar eochair eolais. Beidh sé éasca a rá uaidh seo an bhfuil mórán crann i bhfearann na scoile nó an gcuirfeadh a thuilleadh mianach timpeallachta níos fearr ar fáil. Is féidir go bhféadfaí pleanáil a dhéanamh faoi ionaid do chrainn nua. D'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil an áit go léir faoi choinchréit agus mar sin d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar chrainn bheaga i bpotaí.




Mar thoradh ar an suirbhé seo ardófar feasacht na ndaltaí i dtaca leis na crainn i bhfearann na scoile. Foghlaimeoidh siad freisin faoi éagsúlacht na saghsanna crann atá ann agus cuirfidh siad eolas ar an uile cheann acu le linn a dtréimhse scolaíochta. Beidh sé follasach freisin má tá easpa chrann ag cur as don cheantar nó easpa éagsúlachta maidir le saghsanna. Féach, le do thoil, ar Mhodúl 3, Bileoga Oibre 8 agus 9 agus Modúl 5, Bileog Oibre 35 den Phaca do Lá na gCrann le haghaidh breis sonraí faoi staidéar a dhéanamh ar chrainn ar leith. Tá líon áirithe de ghníomhaíochtaí molta sa roinn a bhaineann le Nótaí do Mhúinteoirí agus cabhróidh siad san le do rang eolas níos fearr a chur ar chrainn.

Tá crainn fíor-riachtanach don fiadhúlra, go háirithe d'éin agus d'fheithidí. Níor mhór na daltaí a ghríosú chun a rá cé acu an bhfuil a bhfearann scoile go maith mó go holc don fhiadhúlra, agus iad a ghríosú chun aon easpa a leigheas.